An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

Treoir (Eatramhach) le haghaidh Fostóirí maidir le hInniúlacht chun Oibre i ndiaidh Asláithreachta de bharr COVID-19

Is le haghaidh oibrithe nach bhfuil ag soláthar Cúram Sláinte an treoir seo.
Féach ar aon treoir shonrach le haghaidh d'earnála má tá a leithéid ar fáil.

Tabhair faoi deara: Foilsítear an treoir eatramhach seo i gcomhar leis an mBuanchoiste Náisiúnta Formhaoirseachta maidir le Cásanna agus Ráigeanna COVID-19 i Suíomhanna Oibre Ardriosca. Déanfar an treoir seo a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar a athraíonn an chomhairle sláinte poiblí agus rialtais. Féach ar https://gov.ie chun an t-eolas is deireanaí a fháil faoi chomhairle an rialtais.

Dáta Foilsithe: 20 Nollaig 2021

An Clár Ábhar

An Réamhrá 3

Sreabhchairt Inniúlachta chun Oibre 4

Cás A.
Ag filleadh ar an obair i ndiaidh chás amhrasta COVID-19 5

Seicliosta an Fhostóra: Ag filleadh ar an obair i ndiaidh chás amhrasta COVID-19 6

Cás B.
Ag filleadh ar an obair i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19 7

Seicliosta an Fhostóra: Ag filleadh ar an obair i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19 9

Cás C.
Oibrí neamhinniúil chun filleadh ar an obair i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19 10

Seicliosta an Fhostóra: Oibrí neamhinniúil chun filleadh ar an obair i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19 11

Dlúth-theagmháil le Cás Amhrasta nó Deimhnithe COVID-19 12

Oibrithe Leochaileacha 13

Ag cabhrú le hoibrithe filleadh ar an obair i ndiaidh ionfhabhtú COVID-19 14

Cosaint Sonraí (GDPR) agus COVID-19 15

Eolas, Tacaíochtaí agus Acmhainní Breise 16

Aguisín 1 – Seicliosta an Fhostóra (PDF Idirghníomhach) 17

An Réamhrá

Leagtar amach sa treoir seo na céimeanna a bhaineann le hInniúlacht chun Oibre aon fhostaí (nó duine fhéinfhostaithe) a chinneadh/a mheasúnú, i ndiaidh dóibh a bheith as láthair mar gheall ar Ionfhabhtú COVID-19 nó ionfhabhtú féideartha/amhrasta. Ba cheart an Treoir seo a mheas laistigh de nósanna imeachta agus beartais bainistíochta tinnis agus asláithreachta na heagraíochta mar atá faoi láthair agus/nó den tseirbhís sláinte ceirde, a d'fhéadfadh a bheith ar fáil d'oibrithe. Baineann an Treoir seo le hoibrithe nach gcuireann Cúram Sláinte ar fáil. Tá Treoir shonrach d'oibrithe Cúraim Sláinte ar fáil anseo.

Pléann Inniúlacht chun Oibre le sláinte agus folláine (idir fhisiciúil agus síceolaíoch) a chuireann ar chumas oibrí tabhairt faoi dhualgais shannta, go hiontaofa, go sábháilte agus go héifeachtach, agus ar bhealach nach gcuireann isteach ar a shábháilteacht féin agus/ná ar shábháilteacht daoine eile.

Tugtar cuntas sa Treoir ar chritéir ghinearálta maidir le filleadh ar an obair d'oibrithe atá ag filleadh i ndiaidh dóibh a bheith as láthair ón obair mar gheall ar ionfhabhtú nó tástáil COVID-19, critéir a éascaíonn filleadh tráthúil agus sábháilte na n-oibrithe ar a ngnáthróil agus a ngnáthfhreagrachtaí nuair is féidir.

Tiocfaidh biseach ar fhormhór na n-oibrithe a tholgann víreas COVID-19 gan aon tionchar fadtéarmach ar an tsláinte. D'fhéadfadh roinnt oibrithe, áfach, fulaingt le tionchar tromchúiseach agus leanúnach ar an tsláinte, agus d'fhéadfadh go dteastódh tacaíocht bhreise uathu siúd chun filleadh ar an obair.

Tabhair faoi deara: Tagraítear do chomhairle Dochtúra Ghinearálta/Sláinte Ceirde ar fud na treorach seo. Áireofar comhairle a thugann Dochtúir Comhairleach leis sin freisin.

Ba cheart an Treoir a léamh i dteannta an Phrótacail um Oibriú go Sábháilte, 'Reframing the Challenge: Continuing our Recovery and Reconnecting' ón Rialtas. Cuireadh prótacail Rialtais i bhfeidhm chun treoir agus tacaíocht a thabhairt d'fhostóirí agus d'oibrithe chun leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc. Is féidir le COVID-19 leathadh go tapa san ionad oibre, agus ráigeanna galair a chruthú. D'fhéadfadh go mbeadh fostaithe nó an lucht bainistíochta ar an gcéad dream a d'aithneodh go bhfuil ráig fhéideartha san ionad oibre, agus tá ról riachtanach acu mar sin i srianadh an víris. Bainisteoidh an Rannóg Sláinte Poiblí áitiúil ráig dheimhnithe, agus d'fhéadfadh Foireann Rialaithe Ráigeanna cabhrú leo, ag brath ar an suíomh. Tá sé tábhachtach go gcuimhneofaí gur féidir COVID-19 a scaipeadh i suíomhanna pobail agus oibre. Tá treoir ghinearálta faoi ráigeanna COVID-19 san ionad oibre a bhainistiú ar fáil anseo.

Leagtar amach na cásanna seo a leanas sa treoir seo:

A. Ag filleadh ar an obair i ndiaidh **chás amhrasta COVID-19**

B. Ag filleadh ar an obair i ndiaidh **chás deimhnithe COVID-19** gan aimhréidh shláinte

C. Oibrí **neamhinniúil chun filleadh ar an obair** i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19

Sreabhchairt Inniúlachta chun Oibre

Leagtar amach na trí chás thuasluaite, A, B agus C, sa tsreabhchairt thíos. Tugtar tuilleadh eolais faoi gach cás thíos.



Inniúlacht chun Oibre

Cás A: Ag filleadh ar an obair i ndiaidh chás amhrasta COVID-19

Oibrithe a ndearnadh tástáil COVID-19 orthu agus a fuair toradh diúltach ar an tástáil: Ní bhraitear COVID-19, is féidir filleadh ar an obair agus ar ghnáthróil/ghnáthfhreagrachtaí

Sula bhfilltear ar an obair, éilítear ar an oibrí:

- a dheimhniú don fhostóir nach bhfuil aon siomptóm COVID-19 air le 48 uair an chloig anuas (féindearbhú).

- foirm roimh fhilleadh ar an obair a líonadh isteach agus a thabhairt don fhostóir.

Féadfaidh an fostóir fiafraí den oibrí sonraí a fhéindearbhaithe a dheimhniú (go bhfuil sé gan siomptóm le 48 uair an chloig anuas), trí nóta inniúlachta chun oibre a fháil óna dhochtúir ginearálta nó cleachtóir sláinte ceirde nuair atá a leithéid ar fáil. Is faoi rogha an fhostóra nóta inniúlachta chun oibre a iarraidh.

Ba cheart go mbeadh deis ag fostaithe a n-inniúlacht chun oibre a phlé le seirbhís sláinte ceirde, go rúnda, nuair atá an tseirbhís sin ar fáil.

Nuair a fhilltear ar an obair, ba cheart don fhostóir aon athruithe ábhartha ar phlean freagartha COVID-19 a rinneadh san ionad oibre a chur in iúl don oibrí, m.sh. bearta sonracha coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe COVID-19 nó aon athruithe eile ar chleachtais oibre. Féadfaidh na Príomh-Ionadaithe Oibrithe cabhrú le haon bheart riachtanach a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú, lena n-áirítear comhairle ábhartha sláinte a chur ar oibrithe faoi COVID-19 san ionad oibre.

Má chruthaíonn athruithe mar gheall ar COVID-19 guaiseacha nó baol nua san ionad oibre, d'fhéadfadh go mbeadh ar an bhfostóir an measúnú riosca sábháilteachta agus sláinte ceirde ábhartha a nuashonrú.

Ba cheart don fhostóir a chinntiú go bhfuair oibrithe atá ag filleadh ar an obair aon eolas riachtanach chomh maith le hoiliúint ionduchtúcháin COVID-19 / oiliúint eile a mheastar a bheith riachtanach chun go bhfillfidís ar an obair go sábháilte.

D'fhéadfadh go gcabhródh an seicliosta seo a leanas le fostóirí agus iad ag meas inniúlacht oibrithe chun oibre, i ndiaidh dóibh a bheith as láthair, tar éis toradh tástála: Ní bhraitear COVID-19. Féach freisin 'Ag cabhrú le hoibrithe filleadh ar an obair i ndiaidh ionfhabhtú COVID-19' thíos.

Seicliosta an Fhostóra: Inniúlacht chun Oibre

Cás A: Ag filleadh ar an obair i ndiaidh chás amhrasta COVID-19

		Tá	Níl
1.	An bhfuil tú in ann a dheimhniú **nach bhfuil aon siomptóm COVID-19** ar an oibrí le **48 uair an chloig** anuas?		
2.	An bhfuil ort fiafraí den oibrí sonraí a fhéindearbhaithe a dheimhniú (go bhfuil sé gan siomptóm le 48 uair an chloig anuas), trí nóta inniúlachta chun oibre a fháil óna dhochtúir ginearálta nó cleachtóir sláinte ceirde, nuair atá a leithéid ar fáil?		
3.	An bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí foirm roimh fhilleadh ar an obair a líonadh isteach agus a thabhairt don fhostóir sula bhfilleann sé ar an obair? Féach ar an teimpléad d'Fhoirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair.		
4.	An bhfuil tú tar éis an t-oibrí a chur ar an eolas faoi aon bhearta nua coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe COVID-19 a d'fhéadfadh dul i gcion air?		
5.	An bhfuil aon athrú déanta agat ar an áit oibre nó ar chleachtais oibre, mar gheall ar COVID-19, a éilíonn nuashonrú ar na measúnuithe riosca sábháilteachta agus sláinte ceirde?		
6.	An bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí tabhairt faoi chúrsa 'Work Safely Induction' ar líne an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus aon oiliúint eile a mheastar a theastaíonn chun go bhfillfeadh sé ar an obair go sábháilte? Féach anseo.		
7.	An bhfuil sé deimhnithe agat go bhfuil oibrí (a fuair toradh diúltach ar thástáil: ní bhraitear COVID-19) atá ina dhlúth-theagmhálaí le cás deimhnithe COVID-19, ag cloí le comhairle Sláinte Poiblí, nó le comhairle na Foirne Rianaithe Teagmhála, nuair is cuí, maidir le srian a chur ar a chuid gluaiseachtaí?		

(Tá na seicliostaí ar fáil mar fhoirmeacha idirghníomhacha in Aguisín 1)

Inniúlacht chun Oibre

Cás B: Ag filleadh ar an obair i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19 gan aimhréidh shláinte

Nuair a chuireann oibrí in iúl dá fhostóir go bhfuil sé réidh le filleadh ar an obair, i ndiaidh tréimhse as láthair (féinleithlisiú) tar éis tástáil dhearfach le haghaidh COVID-19, ba cheart don fhostóir, agus an inniúlacht chun oibre á meas, na ceanglais seo a leanas a bhreithniú:

Sula bhfilltear ar an obair, éilítear ar an oibrí a dheimhniú don fhostóir:

- go bhfuil deich lá caite ó thosaigh na siomptóim (nó deich lá i ndiaidh lá na tástála mura raibh aon siomptóim air – aisiomptómach – nó má rinneadh an tástáil mar chuid de shraith tástálacha in ionad oibre aisiomptómach) agus

- go bhfuil cúig lá caite gan fiabhras (nach raibh teocht ard 38°C (Celsius) nó níos airde air ar feadh cúig lá sula bhfilltear ar an obair). D'fhéadfaí é sin a áireamh sa tréimhse deich lá.

- Caithfidh an t-oibrí foirm roimh fhilleadh ar an obair a líonadh isteach agus a thabhairt don fhostóir.

Féadfaidh an fostóir fiafraí den oibrí sonraí a fhéindearbhaithe a dheimhniú, trí nóta inniúlachta chun oibre a fháil óna dhochtúir ginearálta nó cleachtóir sláinte ceirde nuair atá a leithéid ar fáil. Is faoi rogha an fhostóra nóta inniúlachta chun oibre a iarraidh.

Ba cheart don fhostóir cumas oibrí tabhairt faoina ghníomhaíochtaí oibre go sábháilte agus go fónta a bhreith, agus a mheas an féidir leis an oibrí filleadh ar an ról a bhíodh aige roimh COVID-19 go sábháilte. Ba cheart don fhostóir na cúinsí seo a leanas a chur san áireamh chuige sin:

- **sábháilteacht:** is féidir leis an oibrí an tasc/na tascanna a dhéanamh go sábháilte agus gan baol don tsláinte

- **cumas:** tá na scileanna, an t-eolas nó an meon riachtanach ag an oibrí chun tasc/anna faoi leith a dhéanamh go sábháilte

- **acmhainn:** tá an t-oibrí in ann cinntí fónta a dhéanamh maidir le riosca a bhaineann le tasc.

Inniúlacht chun Oibre

Cás B: Ag filleadh ar an obair i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19 gan aimhréidh shláinte *ar lean*

Nuair a fhilltear ar an obair, ba cheart don fhostóir aon athruithe ábhartha ar phlean freagartha COVID-19 a rinneadh san ionad oibre a chur in iúl don oibrí, m.sh. bearta sonracha coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe COVID-19 nó aon athruithe eile ar chleachtais oibre. Féadfaidh na Príomh-Ionadaithe Oibrithe cabhrú le haon bheart riachtanach a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú, lena n-áirítear comhairle ábhartha sláinte a chur ar oibrithe faoi COVID-19 san ionad oibre.

Má chruthaíonn athruithe mar gheall ar COVID-19 guaiseacha nó baol nua san ionad oibre, d'fhéadfadh go mbeadh ar an bhfostóir na measúnuithe riosca sábháilteachta agus sláinte ceirde ábhartha a nuashonrú.

Ba cheart don fhostóir a chinntiú go bhfuair an t-oibrí atá ag filleadh ar an obair aon eolas riachtanach chomh maith le hoiliúint ionduchtúcháin COVID-19 / oiliúint eile a mheastar a bheith riachtanach chun go bhfillfidh sé ar an obair go sábháilte.

D'fhéadfadh go gcabhródh an seicliosta seo a leanas le fostóirí agus iad ag meas inniúlacht oibrithe chun oibre, i ndiaidh dóibh a bheith as láthair, tar éis toradh tástála dearfach: Braitear COVID-19. Féach freisin 'Ag cabhrú le hoibrithe filleadh ar an obair i ndiaidh ionfhabhtú COVID-19' thíos.

Seicliosta an Fhostóra: Inniúlacht chun Oibre

Cás B: Ag filleadh ar an obair i ndiaidh **chás deimhnithe COVID-19** gan aimhréidh shláinte

		Tá	Níl
1.	An bhfuil sé deimhnithe agat leis an oibrí go bhfuil deich lá caite ó thosaigh siomptóim COVID-19, agus go bhfuil cúig lá caite gan fiabhras (teocht ard 38°C (Celsius) nó níos airde), sula bhfilltear ar an obair? (féadtar na critéir sin a bheith i gceist sa tréimhse chéanna)		
2.	An bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí **foirm roimh fhilleadh ar an obair** a líonadh isteach agus a thabhairt don fhostóir sula bhfilleann sé ar an obair? Foirm roimh Fhilleadh ar an Obair		
3.	An bhfuil tú ar an eolas gur féidir na sonraí thuasluaite a dheimhniú trí **nóta inniúlachta chun oibre** a iarraidh ó dhochtúir ginearálta/cleachtóir sláinte ceirde (faoi rogha an fhostóra)?		
4.	An bhfuil aon athrú déanta agat ar an áit oibre nó ar chleachtais oibre, mar gheall ar COVID-19, a éilíonn nuashonrú ar na measúnuithe riosca sábháilteachta agus sláinte ceirde?		
5.	An bhfuil sé deimhnithe agat gur féidir leis an oibrí an tasc/na tascanna a dhéanamh go sábháilte agus gan baol don tsláinte?		
6.	An bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí tabhairt faoi **chúrsa 'Work Safely Induction' ar líne an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** agus aon oiliúint eile a mheastar a theastaíonn chun go bhfillfeadh sé ar an obair go sábháilte? Féach anseo.		

(Checklists are also available as interactive forms at Appendix 1)

Inniúlacht chun Oibre

Cás C: Oibrí neamhinniúil chun filleadh ar an obair i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19

Má chuireann oibrí in iúl dá fhostóir go bhfuil sé neamhinniúil chun filleadh ar an obair i ndiaidh tréimhse as láthair, tar éis toradh tástála dearfach (braitear COVID-19), ba cheart don fhostóir na céimeanna seo a leanas a ghlacadh. Is féidir na céimeanna seo a leabú i nósanna imeachta agus beartais bainistíochta tinnis agus asláithreachta mar atá faoi láthair, a ceapadh chun tacú le hoibrithe i rith tinnis, agus chun téarnamh agus filleadh ar an obair go luath a éascú.

Tá sé tábhachtach go gcothaíonn an fostóir cumarsáid chuí leis an oibrí i gcaitheamh na tréimhse a bhfuil sé as láthair, toisc go bhféadfadh sé gur tréimhse a bhfuil strus agus míshuaimhneas ag baint léi é don oibrí.

Ba cheart don fhostóir an t-oibrí a chur ar an eolas faoi aon bheartais agus nósanna imeachta saoire breoiteachta COVID-19 nuashonraithe, agus aon bheartais bainistíochta tinnis agus asláithreachta eile atá ábhartha don oibrí.

Ba cheart don fhostóir aon chomhairle, eolas praiticiúil nó seirbhís eile a d'fhéadfadh cabhair agus tacaíocht a thabhairt don oibrí a shainaithint, mar shampla: clár cúnamh d'fhostaithe, eolas cur chun cinn na sláinte, eolas faoi chur isteach ar aon teidlíocht a bhaineann le paindéim COVID-19, srl.

Iarrfaidh an fostóir go bhfaighidh an t-oibrí nóta ó dhochtúir ginearálta nó cleachtóir sláinte ceirde nuair atá a leithéid ar fáil, ina sonrófar go ndearnadh measúnú ar an oibrí agus go bhfuil sé **neamhinniúil chun filleadh ar an obair** go dtí am ar leith agus an chúis leis an tuairim sin, ag tabhairt cur síos ar na siomptóim reatha agus/nó na cúinsí a chuireann cosc ar an oibrí filleadh ar a ról. Féadfaidh cleachtóir sláinte ceirde, nuair atá a leithéid ar fáil, dul i gcomhairle leis an dochtúir ginearálta cóireála chun treoir a thabhairt don fhostóir maidir le tréimhse dhóchúil na hasláithreachta agus aon idirghabhálacha ceirde a mholfar.

Má mheastar go bhfuil an t-oibrí inniúil chun filleadh ar an obair, i ndiaidh measúnú leighis, comhaontóidh an fostóir sceideal fillte. Ba cheart don fhostóir na céimeanna a phléitear le haghaidh **Chás B thuasluaite** a ghlacadh ansin. Má mheastar go bhfuil an t-oibrí inniúil chun oibre ach neamhinniúil chun filleadh ar na dualgais a bhíodh air, bíodh sin go sealadach nó go buan, ba cheart don fhostóir cuimhneamh ar ról oiriúnaithe nó tascanna malartacha sealadacha a thabhairt dó (más féidir).

D'fhéadfadh go gcabhródh an seicliosta seo a leanas le fostóirí nuair atá oibrí neamhinniúil chun filleadh ar an obair i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19. Féach freisin 'Ag cabhrú le hoibrithe filleadh ar an obair i ndiaidh ionfhabhtú COVID-19' thíos.

Seicliosta an Fhostóra: Inniúlacht chun Oibre

Cás C: Oibrí neamhinniúil chun filleadh ar an obair i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19

		Tá	Níl
1.	An bhfuil cumarsáid chuí cothaithe agat leis an oibrí i gcaitheamh a asláithreachta?		
2.	An bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí féindearbhú a thabhairt ina dtugtar le fios go bhfuil sé neamhinniúil chun filleadh ar an obair agus an fáth atá leis sin?		
3.	An bhfuil tú tar éis iarraidh ar an oibrí nóta a fháil ó dhochtúir ginearálta nó cleachtóir sláinte ceirde ina sonraítear go ndearnadh measúnú air agus go bhfuil sé neamhinniúil chun filleadh ar an obair, de réir bheartas agus nósanna imeachta na heagraíochta?		
4.	An bhfuil aon nósanna imeachta agus beartais saoire breoiteachta COVID-19 / teidlíochtaí asláithreachta ábhartha curtha in iúl don oibrí?		
5.	An bhfuil comhairle, agus eolas faoi aon tacaíocht atá ar fáil d'fhostaithe, tugtha agat don oibrí?		
6.	Má léiríonn measúnú leighis go bhfuil an t-oibrí inniúil chun oibre, ach neamhinniúil chun filleadh ar na dualgais a bhíodh air, bíodh sin go sealadach nó go buan, ar chuimhnigh tú ar ról oiriúnaithe nó tascanna malartacha sealadacha a thabhairt dó (más féidir)?		
7.	Má léiríonn measúnú leighis go bhfuil an t-oibrí inniúil chun oibre agus má tá dáta tosaithe comhaontaithe agaibh, an bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí foirm roimh fhilleadh ar an obair a líonadh isteach agus a thabhairt duit? Féach ar an teimpléad d'Fhoirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair. Má tá, is féidir leat dul ar aghaidh agus Seicliosta an Fhostóra: Cás B.		

(Tá na seicliostaí ar fáil mar fhoirmeacha idirghníomhacha in Aguisín 1)

Oibrí atá ina Dhlúth-theagmhálaí le Cás Amhrasta nó Deimhnithe COVID-19

Ciallaíonn **dlúth-theagmhálaí**:

- duine a bhí laistigh de dhá mhéadar de dhuine (taobh istigh nó taobh amuigh) a fuair tástáil dhearfach le haghaidh COVID-19, ar feadh 15 nóiméad nó níos mó in imeacht 24 uair an chloig.
- duine a chónaíonn sa teach céanna nó i gcóiríocht roinnte le duine a bhfuil COVID-19 air.
- níos mó ná dhá uair an chloig a chaitheamh i spás taobh istigh le duine ar a bhfuil COVID-19, mar shampla, ionad oibre, seomra ranga, ionad sóisialta, áit chónaithe, nó córas iompair.

Tá níos mó eolais faoina bhfuil le déanamh má tá oibrí ina dhlúth-theagmhálaí le cás deimhnithe COVID-19 ar fáil anseo.

Ba cheart don fhostóir an t-oibrí a éascú leis an gcinneadh ceart a dhéanamh, is é sin fanacht glan ar an ionad oibre má bhíonn siomptóim COVID-19 air. Tá sé tábhachtach go gcloífeadh fostóirí agus oibrithe leis an gcomhairle sláinte poiblí agus go mbeidís ar an eolas faoi aon athrú ar an gcomhairle sin.

Nuair a chuireann fostóirí **cóiríocht roinnte** ar fáil d'oibrithe, caithfear seomraí breise a chur ar fáil chun daoine ar a bhfuil ionfhabhtú a leithlisiú ag céim luath. Tá níos mó eolais faoi dhualgais na bhfostóirí a chuireann comhar-chóiríocht roinnte ar fáil d'oibrithe in An Prótacal um Oibriú go Sábháilte.

I gcásanna nach féidir le hoibrithe féinleithlisiú sa bhaile, tá saoráid féinleithlisithe in Iarthar na Cathrach (Baile Átha Cliath) a chuireann áit shábháilte ar fáil dóibh siúd ar a bhfuil tinneas éadrom. Tá níos mó eolais ar fáil anseo.

Oibrithe Leochaileacha

Baineann baol níos mó le COVID-19 do roinnt oibrithe. Caithfidh oibrithe atá i mbaol níos mó réamhchúraimí breise a ghlacadh. Léigh níos mó fúthu siúd anseo.

Moltar d'oibrithe sa chatagóir **ardriosca** oibriú ón mbaile, más féidir. Ba cheart d'fhostóirí plé agus cumarsáid a dhéanamh le hoibrithe leochaileacha a dteastaíonn uathu filleadh ar an ionad oibre i ndiaidh ionfhabhtú COVID-19. Ba cheart d'fhostóirí cloí le comhairle a bhaineann go sonrach lena n-earnáil féin, nuair a chuirtear ar fáil í, i gcás oibrithe sa chatagóir ardriosca atá ag obair san ionad oibre.

Moltar d'oibrithe sa chatagóir **an-ardriosca (an-leochaileach)** fanacht sa bhaile a oiread agus is féidir agus oibriú ón mbaile freisin. Mura bhfuil oibrithe sa chatagóir sin in ann oibriú ón mbaile, d'fhéadfadh go dteastódh comhairle ó chleachtóir sláinte ceirde nó dochtúir ginearálta chun a chinntiú go gcosnaítear a sláinte ar COVID-19 san ionad oibre. Ba cheart d'fhostóirí teagmháil a choinneáil le hoibrithe sna catagóirí an-ardriosca agus a bheith ar an eolas faoi aon ábhar imní atá acu maidir le filleadh ar an obair i ndiaidh ionfhabhtú COVID-19.

Is féidir le fostóirí stádas leochaileach oibrí a chinneadh trína dheimhniú tríd an tseirbhís sláinte ceirde, nuair atá a leithéid ar fáil, agus/nó dochtúir ginearálta nó speisialtóir cóireála an oibrí. Nuair atáthar ag pleanáil d'fhilleadh oibrithe atá sa chatagóir an-ardriosca (an-leochaileach) ar an obair, d'fhéadfadh go mbeadh gá measúnú riosca leighis oibre a líonadh isteach leis an oibrí agus le cleachtóir Sláinte Ceirde (nuair atá a leithéid ar fáil) agus/nó comhairleoirí leighis an oibrí.

Ba cheart d'fhostóirí cuimhneamh go dteastóidh bearta rialaithe fós, fiú nuair atá an fhoireann vacsaínithe. Ba cheart breathnú ar an vacsaíniú mar áis bhreise úsáideach d'úsáid cheart rialuithe innealtóireachta, nósanna imeachta oibre sábháilte, trealaimh cosanta phearsanta, treoracha, eolais agus oiliúna, ach níor cheart don vacsaíniú teacht in áit na mbeart sin.

Tá sé tábhachtach go mbreithníonn an fostóir próifíl riosca an ionaid oibre, an cumas cloí le scaradh fisiciúil san ionad oibre, tascanna ina bpléitear leis an bpobal agus/nó tascanna a d'fhéadfadh teagmháil a chruthú idir oibrithe leochaileacha agus daoine eile, agus an mbeadh an t-oibrí i mbaol riosca ionfhabhtaithe níos airde mar gheall ar na tascanna.

Féach ar Threoir an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis an Obair ón mBaile d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe anseo.

Ag cabhrú le hoibrithe filleadh ar an obair i ndiaidh ionfhabhtú COVID-19

Tá sé tábhachtach go gcothaítear teagmháil leis an oibrí atá as láthair agus cabhróidh sé lena mheas an bhfuil an t-oibrí inniúil/neamhinniúil chun filleadh ar an obair.

Tá ról i bhfilleadh sábháilte na n-oibrithe ar an obair i ndiaidh COVID-19 ag raon pearsanra i roinnt eagraíochtaí, ar nós bainisteoirí, acmhainní daonna, na seirbhíse sláinte ceirde má tá ceann ann, Príomh-Ionadaí/Príomh-Ionadaithe Oibrithe agus pearsanra sláinte agus sábháilteachta. Ba cheart d'fhostóirí beartais agus nósanna imeachta atá ann cheana féin a chur i bhfeidhm chun oibrithe a spreagadh le filleadh ar an obair, i ndiaidh dóibh a bheith as láthair ar feadh tréimhse fhada mar gheall ar COVID-19, mar a dhéanfaí d'aon oibrí a bheadh ag filleadh ar an obair i ndiaidh tinneas fada.

Ba cheart d'fhostóirí a chinneadh an bhfuil oibrithe atá ag filleadh ar an obair i ndiaidh ionfhabhtú COVID-19 go hiomlán inniúil le filleadh ar na róil agus na freagrachtaí a bhíodh acu roimh COVID-19. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh nach mbeadh oibrithe in ann tabhairt faoi na róil agus na freagrachtaí a bhíodh acu roimh COVID-19, agus seans go dteastódh socruithe aistrithe nó freagrachtaí athraithe. Is féidir é sin a dhéanamh de réir bheartais agus nósanna imeachta reatha na heagraíochta.

Ba cheart d'fhostóirí oibrithe a chur ar an eolas faoi chláir cúnaimh d'oibrithe agus/nó tionscnaimh folláine a chuir an fostóir i bhfeidhm, a d'fhéadfadh cabhrú le hoibrithe dul i dtaithí ar fhilleadh ar an obair i ndiaidh dóibh a bheith as láthair mar gheall ar COVID-19.

Nuair a fhilltear ar an obair, ba cheart don fhostóir aon athruithe ábhartha ar phlean freagartha COVID-19 a rinneadh san ionad oibre a chur in iúl don oibrí, m.sh. bearta sonracha coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe COVID-19 nó aon athruithe eile ar chleachtais oibre.

Féadfaidh na Príomh-Ionadaithe Oibrithe tacú le comhairle ábhartha sláinte faoi COVID-19 a chur ar oibrithe san ionad oibre go leanúnach.

D'fhéadfadh fostóirí an méid seo a leanas a mheas, nuair is féidir, nuair atáthar ag plé le hoibrithe nach bhfuil in ann filleadh ar na róil/na freagrachtaí a bhíodh acu roimh COVID-19:

- **athlonnú:** an post céanna i suíomh difriúil (socruithe cianoibre) má thugann an measúnú riosca le fios gur féidir bearta rialaithe a chur i bhfeidhm
- **athrú ar thascanna:** athrú, oiriúnú nó baint na dtascanna lena mbaineann baol níos airde
- **athrú ar ról agus/nó athoiliúint:** ról il mhalartacha ar nós ról lonnaithe in oifig ina mbeadh na rialuithe riachtanacha i bhfeidhm nó an cumas oibriú ón mbaile sa ról nua.

Cosaint Sonraí (GDPR) agus COVID-19

AMar fhostóir, d'fhéadfadh go mbeadh ort sonraí pearsanta (ar nós ainm, seoladh, ionad oibre, sonraí taistil) oibrithe a phróiseáil, agus i roinnt mhaith cásanna beidh sonraí pearsanta íogaire, nó 'catagóir speisialta' (ar nós sonraí a bhaineann leis an tsláinte) san áireamh, chun COVID-19 a bhainistiú. Sna cásanna sin, nuair atá eagraíochtaí ag gníomhú ar threoir nó orduithe na n-údarás sláinte poiblí, ceadófar próiseáil sonraí pearsanta, sonraí sláinte ina measc, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, fad is go bhfuil cosaintí oiriúnacha i bhfeidhm.

Tá sé tábhachtach go mbeadh sé soiléir do na hoibrithe cén fáth a bhfuil an fostóir ag lorg na sonraí sin, cé na cuspóirí a bheidh leis, agus cén chaoi a bpróiseálfar iad. Níor cheart don fhostóir ach an t-íosmhéid eolais is gá a iarraidh agus a stóráil mar atá riachtanach chun sláinte, sábháilteacht agus folláine an lucht oibre a chosaint. Má chuirtear seirbhís sláinte ceirde ar fáil, féadfaidh na hoibrithe a n-ábhar imní sláinte féin a phlé, agus cloítear lena bpríobháideachas agus a rúndacht.

Ba cheart don fhostóir oibriú leis an bPríomh-Ionadaí/na Príomh-Ionadaithe Oibrithe chun dea-chaidreamh oibre agus iontaoibh a fhorbairt ionas gur féidir leis na hoibrithe agus an fostóir an t-ionad oibre a choinneáil chomh sábháilte agus is féidir ó COVID-19.

Tá níos mó eolais ar fáil anseo ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí: Cosaint Sonraí agus COVID-19

Eolas, Tacaíochtaí agus Acmhainní Breise

Cuid 1 Eolas faoi COVID-19

Comharthaí agus Siomptóim COVID-19

FSS: Catagóir an-ardriosca agus ardriosca

An Chaoi le Féinleithlisiú (fanacht i do sheomra)

Srian ar Ghluaiseacht (fanacht sa bhaile)

Filleadh ar an Obair go Sábháilte

Cuid 2 Treoir Ghinearálta

An Prótacal um Oibriú go Sábháilte

Treoir faoi Ráigeanna a Bhainistiú

Treoir d'Oibrithe i gCatagóirí Ardriosca

Treoir faoin gcoróinvíreas agus toircheas

HPSC COVID-19 A-Z

Cuid 3 Treoir agus Tacaíocht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

I measc chúrsaí Work Safely ar líne an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, tá cúrsa chun cabhrú le ceanglais an Phrótacail um Oibriú go Sábháilte a thuiscint, agus cúrsa don Phríomh-Ionadaí Oibrithe.

Ullmhaíodh teimpléid agus seicliostaí COVID-19 an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta chun cabhrú le fostóirí, úinéirí gnó agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís agus oibrithe a chur ar an eolas faoina gcaithfidh siad a dhéanamh chun cabhrú le leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc.

Tá podchraoltaí faoi fhilleadh ar an obair agus COVID-19 fós i réim ar fáil anseo.

Strus a bhaineann leis an obair – uirlis measúnaithe riosca saor in aisce an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta atá ar fáil ar líne: workpositive.ie

Tá Work Related Stress – A guide for employers ar fáil anseo.

Tá eolas ar fáil ó fheachtas "In This Together/Ann Le Chéile" an Rialtais faoi aire a thabhairt do do mheabhairshláinte, chomh maith le leideanna faoi fhanacht aclaí agus nasctha, agus d'fhéadfadh go mbainfeadh idir fhostóirí agus oibrithe leas as. Tá níos mó eolais ar fáil anseo.

Aguisín 1 – Seicliosta an Fhostóra (PDF Idirghníomhach)

Seicliosta an Fhostóra: Inniúlacht chun Oibre **Cás A**: Ag filleadh ar an obair i ndiaidh chás amhrasta COVID-19		Tá	Níl
1.	An bhfuil tú in ann a dheimhniú **nach bhfuil aon siomptóm COVID-19** ar an oibrí le **48 uair an chloig** anuas?	☐	☐
2.	An bhfuil ort fiafraí den oibrí sonraí a fhéindearbhaithe a dheimhniú (go bhfuil sé gan siomptóm le 48 uair an chloig anuas), trí nóta inniúlachta chun oibre a fháil óna dhochtúir ginearálta nó cleachtóir sláinte ceirde, nuair atá a leithéid ar fáil?	☐	☐
3.	An bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí foirm roimh fhilleadh ar an obair a líonadh isteach agus a thabhairt don fhostóir sula bhfilleann sé ar an obair? Féach ar an teimpléad d'Fhoirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair	☐	☐
4.	An bhfuil tú tar éis an t-oibrí a chur ar an eolas faoi aon bhearta nua coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe COVID-19 a d'fhéadfadh dul i gcion air?	☐	☐
5.	Have you made any changes to the workplace or work practices, due to COVID-19, that require an update to your occupational health and safety risk assessments?	☐	☐
6.	An bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí tabhairt faoi **chúrsa 'Work Safely Induction' ar líne an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** agus aon oiliúint eile a mheastar a theastaíonn chun go bhfillfeadh sé ar an obair go sábháilte? Féach anseo.	☐	☐
7.	An bhfuil sé deimhnithe agat go bhfuil oibrí (a fuair toradh diúltach ar thástáil: ní bhraitear COVID-19) atá ina dhlúth-theagmhálaí le cás deimhnithe COVID-19, ag cloí le comhairle Sláinte Poiblí, nó le comhairle na Foirne Rianaithe Teagmhála, nuair is cuí, maidir le srian a chur ar a chuid gluaiseachtaí?	☐	☐

Tá seicliostaí idirghníomhacha Aguisín 1 ar fáil lena n-íoslódáil mar PDF ar leith freisin.

Aguisín 1 – Seicliosta an Fhostóra (PDF Idirghníomhach)

Seicliosta an Fhostóra: Inniúlacht chun Oibre **Cás B**: Ag filleadh ar an obair i ndiaidh **chás deimhnithe COVID-19** gan aimhréidh shláinte		Tá	Níl
1.	An bhfuil sé deimhnithe agat leis an oibrí go bhfuil deich lá caite ó thosaigh siomptóim COVID-19, agus go bhfuil cúig lá caite gan fiabhras (teocht ard 38°C (Celsius) nó níos airde), sula bhfilltear ar an obair? (féadtar na critéir sin a bheith i gceist sa tréimhse chéanna)	☐	☐
2.	An bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí foirm roimh fhilleadh ar an obair a líonadh isteach agus a thabhairt don fhostóir sula bhfilleann sé ar an obair? Foirm roimh Fhilleadh ar an Obair	☐	☐
3.	An bhfuil tú ar an eolas gur féidir na sonraí thuasluaite a dheimhniú trí **nóta inniúlachta chun oibre** a iarraidh ó dhochtúir ginearálta/cleachtóir sláinte ceirde (faoi rogha an fhostóra)?	☐	☐
4.	An bhfuil aon athrú déanta agat ar an áit oibre nó ar chleachtais oibre, mar gheall ar COVID-19, a éilíonn nuashonrú ar na measúnuithe riosca sábháilteachta agus sláinte ceirde?	☐	☐
5.	An bhfuil sé deimhnithe agat gur féidir leis an oibrí an tasc/na tascanna a dhéanamh go sábháilte agus gan baol don tsláinte?	☐	☐
6.	An bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí tabhairt faoi c**húrsa 'Work Safely Induction' ar líne an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** agus aon oiliúint eile a mheastar a theastaíonn chun go bhfillfeadh sé ar an obair go sábháilte? Féach anseo.	☐	☐

Tá seicliostaí idirghníomhacha Aguisín 1 ar fáil lena n-íoslódáil mar PDF ar leith freisin.

Aguisín 1 – Seicliosta an Fhostóra (PDF Idirghníomhach)

Seicliosta an Fhostóra: Inniúlacht chun Oibre **Cás C**: Oibrí neamhinniúil chun filleadh ar an obair i ndiaidh chás deimhnithe COVID-19		Tá	Níl
1.	An bhfuil cumarsáid chuí cothaithe agat leis an oibrí i gcaitheamh a asláithreachta?	☐	☐
2.	An bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí féindearbhú a thabhairt ina dtugtar le fios go bhfuil sé neamhinniúil chun filleadh ar an obair agus an fáth atá leis sin?	☐	☐
3.	An bhfuil tú tar éis iarraidh ar an oibrí nóta a fháil ó dhochtúir ginearálta nó cleachtóir sláinte ceirde ina sonraítear go ndearnadh measúnú air agus go bhfuil sé neamhinniúil chun filleadh ar an obair, de réir bheartas agus nósanna imeachta na heagraíochta?	☐	☐
4.	An bhfuil aon nósanna imeachta agus beartais saoire breoiteachta COVID-19 / teidlíochtaí asláithreachta ábhartha curtha in iúl don oibrí?	☐	☐
5.	An bhfuil comhairle, agus eolas faoi aon tacaíocht atá ar fáil d'fhostaithe, tugtha agat don oibrí?	☐	☐
6.	Má léiríonn measúnú leighis go bhfuil an t-oibrí inniúil chun oibre, ach neamhinniúil chun filleadh ar na dualgais a bhíodh air, bíodh sin go sealadach nó go buan, ar chuimhnigh tú ar ról oiriúnaithe nó tascanna malartacha sealadacha a thabhairt dó (más féidir)?	☐	☐
7.	Má léiríonn measúnú leighis go bhfuil an t-oibrí inniúil chun oibre agus má tá dáta tosaithe comhaontaithe agaibh, an bhfuil tú tar éis fiafraí den oibrí foirm roimh fhilleadh ar an obair a líonadh isteach agus a thabhairt duit? Féach ar an teimpléad d'Fhoirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair. Má tá, is féidir leat dul ar aghaidh agus Seicliosta an Fhostóra: Cás B.	☐	☐

Tá seicliostaí idirghníomhacha Aguisín 1 ar fáil lena n-íoslódáil mar PDF ar leith freisin.